## I. **CÚLRA**

| | |
|---|---|
| 1. **Líon na n-iarrthóirí a n-éireoidh leo** | **101** |
| 2. **Nótaí** | Tá sé réimse i gceist leis an gcomórtas seo; ní féidir cur isteach ach ar aon cheann amháin acu. Ní mór an rogha sin a dhéanamh tráth an chlárúcháin ar líne agus ní féidir í a athrú i ndiaidh an dáta deiridh clárúcháin.<br>*NB*<br>Le post a fháil sna hinstitiúidí Eorpacha i Lucsamburg, teastaíonn tuiscint mhaith ar an bhFraincis, idir labhairt agus scríobh, rud nach féidir déanamh dá uireasa chun an obair i gceist a dhéanamh agus chun déileáil le gníomhaithe seachtracha. |

## II. **DUALGAIS**

Beidh de chúram ar na sainteicneoirí tascanna bainistíochta, feidhmíochta, maoirseachta agus monatóireachta a dhéanamh a bhaineann le bainistiú foirgneamh, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

***Réimse 1: Innealtóireacht an aerchóirithe — 18 nduine a dhíth***

Aerchóiriú, aeráil, téamh, suiteálacha pluiméireachta, teicnící agus modhanna le húsáid a bhaint as foirgnimh ar dhóigh inbhuanaithe, bainistiú fuinnimh, bainistiú teicniúil láraithe, córasrialú uathoibríoch.

***Réimse 2: Innealtóireacht leictrimheicniúil agus leictreonach — 15 dhuine a dhíth***

Leictreachas (ardvoltas agus ísealvoltas), trealamh tógála, trealamh uathoibríoch, brath agus cosc dóiteán, cáblú gréasán ríomhaireachta/teileafóin, bainistiú teicniúil láraithe, gineadóir leictreach, soilsiú slándála, an córas suiteálacha leictreacha agus leictreonacha "EIB" agus córais analógacha.

***Réimse 3: Ailtireacht agus feistiú intí — 15 dhuine a dhíth***

Feistiú foirgneamh ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh: atheagrú spásanna, go háirithe oifigí, limistéir sheirbhíse, seomraí cruinnithe agus lárionaid theicniúla, comharthaíocht ghinearálta agus slándála, eolas ar limistéir choiscthe dóiteán.

***Réimse 4: Bainistiú tionscadal — 18 nduine a dhíth***

Cúnamh a thabhairt tionscadail réadmhaoine a bhainistiú (foirgnimh a thógáil, a athchóiriú agus a ligean amach ar cíos), sainteicnící, móroibreacha agus tabhairt chun críche oibreacha: struchtúir, aghaidheanna foirgneamh, dallóga don taobh istigh agus don taobh amuigh, díonta, siúinéireacht ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh, athchóiriú urlár agus ballaí.

***Réimse 5: Sláinte agus Sábháilteacht/Sláintíocht — 17 nduine a dhíth***

Sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre: bearta coisctheacha sábháilteachta agus sláintíochta a chur i bhfeidhm, comhordú cúrsaí sláinte agus sábháilteachta ar láithreáin tógála, ullmhú treoracha sábháilteachta agus sláintíochta, bainistiú éigeandálaí.

***Réimse 6: Slándáil — 18 nduine a dhíth***

Teicnící slándála (sábháilteachta) ó thaobh measúnú agus cur i bhfeidhm beart slándála, idir ghnéithe fisiciúla (tógáil, siúinéireacht, etc.) agus ghnéithe leictreonacha (e.g. CCTV, rialú rochtana, braith ionróirí): cur i ngníomh beart slándála, comhordú córas slándála ar láithreáin tógála, ullmhú treoracha slándála, bainistiú cásanna éigeandála, iniúchadh ar ghléasra slándála. Dréachtú pleananna leanúnachais gnó agus/nó pleananna éigeandála, dréachtú measúnuithe riosca.

Chun an obair sin a dhéanamh teastaíonn, chomh maith le nithe eile, scileanna bainistíochta riaracháin agus airgeadais, agus eolas maith ar ríomhchláir (ríomhchláir oifige, Excel, Word, MS Project, etc.), mar aon le heolas ar ríomhchláir bhainistíochta agus ar an dearadh ríomhchuidithe (DRC), go háirithe i gcás réimsí 3 agus 4.

Ag seo samplaí de na cúraimí a d'fhéadfadh a bheith le déanamh:

— cúraimí cothabhála agus feistithe foirgneamh,

— cúraimí a bhainfeadh le bainistiú cothabhála le ríomhairí, le bainistiú teicniúil láraithe, le bainistiú teochta agus fuinnimh agus le foirgnimh a úsáid ar dhóigh inbhuanaithe,

— cúraimí a bhainfeadh le cosc dóiteán, le slándáil theicniúil foirgneamh agus leis an tsláintíocht, nó cúraimí eile a bhainfeadh leis an tsláinte agus leis an tslándáil san ionad oibre,

— anailísiú riachtanas agus an clár ilbhliantúil oibre nó trealaimh/suiteálacha sonracha cosanta (trealaimh/suiteálacha eagraíochtúla, oibríochtúla, etc.),

— monatóireacht a dhéanamh ar thionscadail feistithe/athchóirithe/tógála/atógála ina n-iomláine,

— dréachtú nósanna imeachta oibre agus oiliúint úsáideoirí,

— cuidiú a thabhairt cuid foirgneamh na hinstitiúide i gceist a bhainistiú agus/nó an trealamh agus gléasra slándála a oibriú,

— sonraíochtaí tairisceana a dhréachtú roimh ghlaonna ar thairiscintí, páirt a ghlacadh i nglaonna ar thairiscintí, rialú agus comhordú a dhéanamh ar oibreacha nó ar sheirbhísí bainistithe foirgneamh a chuirtear ar fáil, seirbhísí slándála san áireamh,

— gnéithe riaracháin agus teicniúla (go háirithe maoirsiú ar an gcur i gcrích, monatóireacht ar dhul chun cinn na hoibre, rialú cáilíochta) de chonarthaí a bhaineann le bainistiú foirgneamh agus a thugtar i gcrích le comhlachtaí seachtracha seirbhísí, oibreacha, soláthair agus réadmhaoine, conarthaí cothabhála san áireamh,

— na gnéithe airgeadais de thionscadail a bhainistiú,

— páirt a ghlacadh i nósanna imeachta roghnúcháin agus i gcaibidlíochtaí féachaint foirgnimh a cheannach nó a thógáil ar cíos,

— pleananna a ullmhú, a cheadú, agus thabhairt bord ar bhord leis an aimsir le ríomhchláir deartha ríomhchuidithe,

— caidreamh le conraitheoirí agus leis na ranna riaracháin náisiúnta i dtaca le ceisteanna a bhaineann leis an réimse gníomhaíochta i gceist,

— measúnuithe riosca a dhéanamh agus réitigh shlándála a bhaineann le réimsí éagsúla a cheapadh,

— comhaid slándála a bhaineann le réimsí éagsúla amhail leictreachas, eirgeanamaíocht, bearta coisctheacha, a chur ar bun agus monatóireacht a dhéanamh orthu,

— tionscnaimh agus pléití idirinstitiúideacha a chur ar bun, monatóireacht a dhéanamh orthu, iad a chomhordú agus páirt a ghlacadh iontu,

— comhaid rialacha agus rialachán nó comhaid chomhlíontachta a dhréachtú agus obair leantach a dhéanamh orthu agus aon obair eile a bhaineann leo (tabhairt chun comhlíontachta) a dhéanamh,

— caighdeáin agus sonraíochtaí maidir leis an tslándáil a dhréachtú, iad a athbhreithniú nó páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre maidir leo,

— bheith bord ar bhord le dul chun cinn sa teicneolaíocht.

## III. **INCHÁILITHEACHT**

**Ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárúchán ar líne** ní mór duit na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh:

**1. Coinníollacha ginearálta**

(a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach.
(b) Do chearta mar shaoránach a theachtadh.
(c) Aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.
(d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.

**2. Coinníollacha sonracha**

| | |
|---|---|
| **2.1.** | **Cáilíochtaí agus taithí oibre**<br>Oideachas tríú leibhéal agus dioplóma bainte amach ag a dheireadh a bhaineann le dualgais an phoist, agus taithí oibre trí bliana ar a laghad a fuarthas ina dhiaidh sin agus a bhaineann le dualgais an phoist.<br>NÓ<br>Oideachas dara leibhéal agus dioplóma bainte amach ag a dheireadh a thugann rochtain ar an oideachas tríú leibhéal, agus taithí oibre sé bliana ar a laghad a fuarthas ina dhiaidh sin agus a bhaineann le dualgais an phoist. |

*Réimse 3: Ailtireacht agus feistiú intí*

1. Taithí oibre dhá bhliain ar a laghad sa bhreis ar a n-iarrtar i Roinn III.2.1, a bhaineann le ceann de dhualgais an phoist.
2. Taithí oibre ar thacaíocht a thabhairt dearadh a dhéanamh: bainistiú leictreonach pleananna (dearadh ríomhchuidithe (DRC)) agus léarscáileanna (córas faisnéise geografaí).
3. Taithí oibre ar an dearadh intí agus ar an dearadh seachtrach.
4. Taithí oibre naoi mí ar a laghad ar réimse eile (féach Roinn II) a bhaineann le teicnící bainistithe foirgneamh.
5. Oiliúint bhreise nó taithí oibre chomhionann a bhaineann le bainistiú tionscadal.
6. Oiliúint bhreise nó taithí oibre chomhionann a bhaineann le modhanna agus uirlisí anailíse.
7. Taithí oibre ar chomhordú seirbhísí seachtracha.

*Réimse 4: Bainistiú tionscadal*

1. Taithí oibre dhá bhliain ar a laghad sa bhreis ar a n-iarrtar i Roinn III.2.1, a bhaineann le ceann de dhualgais an réimse.
2. Taithí oibre sé mhí ar a laghad sa ríomhaireacht ar shain-ríomhchláir a úsáidtear i dtógáil, i bpleanáil agus i gcothabháil foirgneamh.
3. Taithí oibre dhá bhliain ar a laghad ar bhainistiú tionscadal, i gcomhlacht deartha nó i gcomhlacht ailtireachta go háirithe.
4. Taithí oibre naoi mí ar a laghad i réimse eile (féach Roinn II) a bhaineann le teicnící bainistithe foirgneamh.
5. Dioplóma breise a bhaineann le ceann de dhualgais an réimse.
6. Oiliúint bhreise, nach í an dioplóma atá luaite i bpointe 5 thuas í, a bhaineann le foirgnimh nó le deimhnithe/údaraithe teicniúla atá ábhartha don réimse.
7. Taithí oibre ar ghnéithe airgeadais de thionscadail a bhainistiú agus/nó taithí oibre ar ghlaonna ar thairiscintí (mar dhréachtóir agus/nó measúnóir agus/nó tairgeoir).
8. Taithí oibre ar bhainistiú foirne nó ar chomhordú seirbhísí seachtracha.
9. Taithí oibre ar chonarthaí a bhainistiú agus ar mhonatóireacht a dhéanamh orthu.

*Réimse 5: Sláinte agus Sábháilteacht/Sláintíocht*

1. Taithí oibre dhá bhliain ar a laghad sa bhreis ar an n-iarrtar i Roinn III.2.1, a bhaineann le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre.
2. Oiliúint bhreise a bhaineann le slándáil foirgneamh, le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre, leis an tsláintíocht (e.g. oibreoir sláinte agus sábháilteachta ainmnithe, comhordaitheoir/comhairleoir sláinte agus sábháilteacha).
3. Taithí oibre ar chur i bhfeidhm rialacha sonracha maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre.
4. Dioplóma agus/nó deimhniú a bhaineann le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre.
5. Taithí oibre naoi mí ar a laghad i réimse eile (féach Roinn II), a bhaineann le teicnící bainistithe foirgneamh.

*Réimse 6: Slándáil*

1. Taithí oibre dhá bhliain ar a laghad sa bhreis ar a n-iarrtar i Roinn III.2.1, a bhaineann leis an innealtóireacht nó leis an tslándáil.
2. Oiliúint bhreise a bhaineann le slándáil foirgneamh.
3. Taithí oibre a bhaineann le cur i bhfeidhm rialacha sonracha slándála.
4. Dioplóma a bhaineann leis an innealtóireacht.
5. Deimhniú slándála.
6. Taithí oibre naoi mí ar a laghad i réimse eile (féach Roinn II), a bhaineann leis an tslándáil agus le teicnící bainistithe foirgneamh.

